Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie

# CÓTAÍ NA LEANAÍ A ÍMSCRÚDÚ

S
SÓISEARACH

## Gníomhaíocht

CÓTAÍ LEANAÍ



## Trealamh

1. Mála sreangán tarraingthe le fuill d'ábhair éagsúla (m.sh. cadás, níolón, olann, ábhar uiscedhíonach, frithchaiteach ard-infheictheachta, clúmhach...)
2. Cótaí/anoraic na leanaí
3. Cailc nó fonsaí chun léaráid Venn a dhéanamh



## Leibhéal ranga molta

**Sóisearach**

## Ullmhúchán

Chabhródh réamhsheisiún ar 'Ábhair' a thaiscéalfadh tadhall na leanaí agus an méid a insíonn sé dóibh (m.sh. cloch, miotal, sciúrthóir potaí olann srl. a bhrath). Chabhródh athbhreithniú ar an bhfoclóir a bheidh in úsáid freisin (m.sh. garbh/mín, crua/bog, te/fuar, srl).

Réamhullmhúchán maith é gníomhaíocht shóisearach de chuid an DPSM "Pass the Parcel" freisin.

## Eolas cúlra

Is féidir ábhair a ghrúpáil agus cur síos a dhéanamh orthu in go leor bealaí, m.sh. dath, cruth, uigeacht, nádúrtha nó saorga, de réir a n-úsáidí, solúbtha nó dolúbtha, crua nó bog, scrábach srl..

Ba chóir go spreagfar leanaí chun dianscrúdú a dhéanamh ar ábhair (trí lionsa lámha más ann dó) agus iad a bhrath freisin.



## Ceisteanna Spreagtha

Cad as a ndéantar ár gcótaí?

Cad as a dtagann an t-ábhar, meas tú?


Cén saghas clúmh a bhíonn ag ainmhithe agus éin? *(fionnadh, cleití).*

Cén dath é clúmh d'ainmhithe áirithe? *(m.sh. liopard, béar bán. D'fhéadfaí duaithníocht a phlé)*

Ar mhaith le daoine a bheith 'dofheicthe' le cótaí dorcha agus iad amuigh ag siúl istoíche? *(Pléigh bandaí frithchaiteacha ar chótaí).*

Conas a shórtálfaimid ár gcótaí/anoraic scoile? *(dath, ábhar, fada/gearr, le cnaipí nó sipeanna, le/gan cochall, le/gan pócaí, le/gan bandaí frithchaiteacha, srl.)*

Leopard san fhéar



# CÓTAÍ NA LEANAÍ A ÍMSCRÚDÚ

## Snáithí Ábhair

**EOLAÍOCHT:** Ábhair: airíonna agus tréithe

**MATA:** Uimhir – comhaireamh, comparáid (m.sh. níos faide)

Sonraí: sonraí a thaispeáint agus a thaifeadadh

## Scileanna

Breathnú
Sórtáil
Rangú

## Naisc Traschuraclaim

*Tíreolaíocht:* An aimsir

*Stair:* An t-am atá thart a thaiscéaladh (éadaí san am a chuaigh thart)

*OSPS:* Sábháilteacht: Bandaí frithchaiteacha/dathanna ard-infheictheachta agus tú amuigh ag siúl istoíche; an dainséar a bhaineann le cochaill thar na cluasa agus tú ag trasnú an bhóthair sa bháisteach.


## Gníomhaíochtaí

1. Cuireann na leanaí a lámha sa mála sreangán tarraingthe (Mála 'Braite'), leis na hábhair éagsúla ann. Roghnaíonn siad píosa amháin agus, gan é a bhaint amach nó féachaint air, déanann siad cur síos ar conas a bhraitheann an t-ábhar, m.sh. mín/clúmhach, crua/bog, síodúil, srl.




2. Tar éis daoibh cótaí na leanaí a phlé agus roinnt de na ceisteanna spreagtha a chur, d'fhéadfá a fhiafraí díobh "*Céard é an dath is coitianta ar na cótaí anseo inniu?*"

   Ba chóir dóibh é a thuar ar dtús, agus ansin barrachairt a dhéanamh de dhathanna a gcótaí. Ba chóir dóibh an cheist a fhreagairt ansin.





   (a) D'fhéadfaí a fhiafraí de na leanaí ansin céard eile ar mhaith leo a fháil amach faoi na cótaí sa seomra ranga, m.sh. "*Meas tú an bhfuil cochall ar na cótaí dearga ar fad?" nó "An bhfuil pócaí ar na cótaí uiscedhíonacha ar fad?"*

   D'fhéadfaí léaráid Carroll nó Venn a dhéanamh le dhá chiorcal nó fhonsa. D'fhéadfaí ceisteanna ar nós "*Cé mhéad cótaí dearga nach bhfuil cochall orthu?*" a fhreagairt go tapa ansin.




   (b) D'fhéadfaí a fhiafraí de na leanaí cén t-ábhar a dhéanfadh an cóta is fearr le haghaidh lá fuar fliuch geimhridh.

   Seans go molfaidh siad '*mín, teolaí, uiscedhíonach*'. *D'fhéadfaí léaráid Venn le trí chiorcal a dhéanamh.* D'fhéadfaí é seo a dhéanamh le fíorchótaí trí chailc nó fonsaí a úsáid ar an talamh. É sin nó d'fhéadfadh na leanaí a gcótaí a chaitheamh agus a bheith INA LÉARÁID VENN!



Discover Primary Science and maths
www.primaryscience.ie

# CÓTAÍ NA LEANAÍ A ÍMSCRÚDÚ

## Sábháilteacht

Faic maidir leis an ngníomhaíocht; ach seans go dtabharfaidh an ceacht seo deis mhaith duit na leanaí a chur ar an eolas maidir leis an dainséar a bhaineann le bóithre a thrasnú le cochaill a n-anorac suas in aimsir fhliuch; agus cótaí dorcha a chaitheamh agus tú amuigh ag siúl sa dorchadas.

## Gníomhaíocht leantach

**D'fhéadfadh sóisearaigh níos sine cóta a dhearadh. Fiafraigh díobh cén gnéithe ar gá dóibh a mheas:**

- Cén séasúr ar dó é?
- Cén saghas aimsire a bheidh ann?
- Cén teocht a bheidh ann?
- Cén t-ábhar a úsáidfidh siad?
- Conas is féidir leo é a dhéanamh praiticiúil? (m.sh. cineál ceangail, pócaí, cochall).
- Cén áit a n-úsáidfidh siad a gcóta? (ag dul ar scoil, ag cabhrú sa ghairdín, ag dul go cóisir srl.).

**D'fhéadfaí an teimpléad seo a úsáid don dearadh:**

Le haghaidh tuilleadh smaointí ar ghníomhaíochtaí: *Féach Primary School Curriculum: SESE Science: Teacher Guidelines, lch*. 47 le haghaidh cur chuige traschuraclaim i leith pleanála, bunaithe ar ÉADAÍ.

